# Tidy Towns Competition 2008

## *Adjudication Report*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Centre: | **Inis Meain** | Ref: | **967** |
| County: | **Galway** | Mark: | **253** |
| Category: | **A** | Date(s): | **10/07/2008** |

| | Maximum Mark | Mark Awarded 2008 |
|---|---|---|
| Overall Development Approach | 50 | 32 |
| The Built Environment | 50 | 35 |
| Landscaping | 50 | 28 |
| Wildlife and Natural Amenities | 50 | 23 |
| Litter Control | 50 | 32 |
| Waste Minimisation | 20 | 9 |
| Tidiness | 30 | 22 |
| Residential Areas | 40 | 30 |
| Roads, Streets and Back Areas | 50 | 35 |
| General Impression | 10 | 7 |
| **TOTAL MARK** | **400** | **253** |

### Overall Development Approach:

Chomhghairdeachas ó chroi le Comharchumann Inis Meáin as cur isteach ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara don bhliain 2008. Míle buíochas as an léarscáil, as na bróiséirí a thug blaiseadh de shaol an oileáin don mholtóir sular leag sé cos ar an áit agus as stair na ndaltaí meánscoile a mhéadaigh suim ins na láthracha stairiúla. Níor ghá an Tourism Strategy Plan a sheoladh. Míle buíochas as bhur bpleananna oibre don bhliain seo. Mór an trua nár chuir sibh Plean 3-5 Bliana isteach. Mura bhfuil a leithéid ann fós b'fhiú go maith tabhairt faoi phlean mar sin a chur le chéile. Chabhródh an plean libh díriú ar na tioncnaimh is práinní agus is fosa a thabhairt chun críche agus chabhródh sé libh na cinn is achrannaí agus is aislingí a fhágaint ar an méar fhada go fóill. Is léir freisin go dtuigeann sibh tábhacht cabhrach na n-eagras éagsúla mar shampla Timpeallacht na n-Oileán agus an RSS, sé sin an Scéim Shóisialta Tuaithe, gan trácht ar bhur gComharchumann féin, chun bhur spriocanna a bhaint amach. Ní féidir tada a dhéanamh gan mhaoiniú agus tá foinsí airgid agaibh freisin. Tá pobal an oileáin á choiméad ar an eolas agaibh rud atá tábhachtach chun dea-mhéin a chothú is chun tacaíocht a fháil. Is maith an rud é go bhfuil sibh ag gríosadh na scoileanna chun Gradam an Bhrait Ghlais a bhaint amach. Go n-éirí libh leis na haidhmeanna atá agaibh chun saol ar an oileán álainn seo a fheabhsú.

### The Built Environment:

Is féidir le duine pictiúr maith des na foirgnimh ar an oileán a fháil ón mbád agus is radharc fíor-thaithneamhach é 'from a distance', i bhfocail an amhráin. Níl an chéad chéim ar an gcéibh chomh taithneamhach sin agus is maith an rud é go bhfuil an obair thógála ar an gcéibh nua faoi lán seoil agus go bhfuil pleananna agaibh chun leithris is seomraí fothana a chur ar fáil. Tá géarghá len'a leithéid faoi láthair. Téann riachtainisí an tsaoil ar oileán i bhfeidhm ar an tsúil a luaithe is a leagtear cos ar an gcéibh. Faoi láthair tá rudaí trén a chéile thart fán áit. Ar thosnú ag siúl duit rachaidh na tithe breátha i gcion ort láithreach, go mórmhór na tithe lóistín. Tugann na daoine seo togha na haire ní hamháin don teach ach do ghairdín an

tí.  Is maith ann é 'Bikes Anseo' mar gan é bheadh sé deacair cuairt a thabhairt ar an oileán ar fad roimh fhilleadh an bháid.  Agus tá dóthain le tabhairt isteach.  Tá an arsaíocht tábhachtach ar an oileán sceirdiúil seo agus tá na hiarsmaí den ársaíocht sin scaipthe ar fud an oileáin.  Cuir Coimisnéir na nOibreacha Poiblí ar an eolas faoin eidhneán  ag Dún Chonchúir nó ní sheasfaidh sé míle bliain eile.  Tá an comhartha eolais anseo briste freisin.  Baineann na fallaí timpeall na bpáirceana le tréimse níos congaraí dúinn ach níor cheart dearmad a dhéanamh orthu mar chuid d'oidhreacht saibhir an oileáin.  Ansin tá na tithe stairiúla ar nós Teach Synge agus Cathaoir Synge.  Is iontach an áis é an teach agus is breá an fháilte a chuirtear roimh na cuairteoirí.  Ní raibh sé éasca an chathaoir a bhaint amach mar go hobann tháinig deireadh leis na comharthaí agus bheadh ar dhuine a bheith misnúil agus slí na Bóirne a thógaint air féin gan fhios a bheith aige cá raibh a thriaill.  Ach ansan bhí na comharthaí ann arís agus b'fhiú dul san seans.  Tugtar togha na haire dos na foirgnimh phoiblí ar an oileán, mar shampla ag an lár ionad, áit a bhfuil an scoil is na foirgnimh ar fad timpeall an Chomharchumainn.  Is foirgneamh breá an t-Óstán ach caithfear tús áite a thabhairt don dearadh ar Bhialann Inis Meáin agus Seomraí Só.  Samhlaítear go bhfuil an foirgneamh ag fás go nádúra as an gceantar timpeall air.  Deineadh obair iontach ar an séipéal agus ar theach an tsagairt, mar a bhí leagtha amach agaibh.

### Landscaping:

Seo roinn nach bhfuil mórán ar siúl agaibh ann fós.  B'fhéidir gurbh fhearr libh an áit a choinneáil nádura mar a bhí beartaithe ag an Té a chruthaigh an t-oileán an chéad lá ach b'fhiú féachaint ar Radharc Tíre an oileáin arís.  Bréagnaíonn na tithe a bhfuil na gairdíní acu an teoiric gur ceart an áit a fhágáil mar ar chruthaíodh é.  Fítear an dreacadh timpeall na dtithe seo go healaíonta isteach san timpeallacht nádúra clochach.  Is léir ós na plandaí is na bláthanna atá le feiscint go bhfásfadh iliomad bláth anseo.  Is iontach an rud iad na bláthanna daite úra atá mar mhaisiú ar na Grottos uile atá le feiceáil.

### Wildlife and Natural Amenities:

Seo roinn eile gur chóir tabhairt faoi le tuilleadh dúthrachta.  Tá an t-amh-ábhar flúirseach sna blátha, sna héin tíre is éin mhara, ins na héisc.  Tá cairt an-mhaith des na blátha ach b'fhiú a chur ar taispeáint lasmuigh ar bhoird eolais.  Teacht i dtír ar an saibhreas atá i ngach áit an plean anseo.

### Litter Control:

Caithfear an brú a choimeád ar an gComhairle Chondae chun boscaí bruscair a chur ar fail nó scéim eile a thógaint oraibh chun iad a fháil.  Ní fhaca ach ceann amháin agus ní raibh sé díomhaoin ach oiread.  An créatúr céanna de bhosca tá sé in am pinsin dó freisin.  Tá bruscar in áiteanna agus murach an fear ón RSS bheadh an scéal ní ba mheasa.

### Waste Minimisation:

B'fhiú go maith rothaíocht amach go dtí na muilte gaoithe don chóras díshlánaithe uisce.  Is maith ann é an banc athchúrsála agus an Cuma air go bhfuil sé in úsáid.  Mar obair gheimhridh ba cheart staidéar a dhéanamh ar an leabhrán 'Race Against Waste'.  Spreagfadh sin tionscnaimh eile a laghdódh dramhaiol an bhaile.  Is maith an rud é go bhfuil sibh anois ag gríosadh na scoileanna chun Gradam an Bhrait Ghlais  a bhaint amach.

### Tidiness:

Choimhghairdeachas as na comharthaí breátha bóthair timpeall an oileán, iad péinteáilte go úrnua agus iad snoite snasta.  Níl an dromchla ar an mbóthar suas ón gcéibh thar moladh beirte.  D'fhéadfaí Cuma i bhfad níos slachtmhairí a chur ar na bóithre ach aire a thabhairt do thaobh na mbóithre.

### Residential Areas:

Táimid ag caint anseo ar na thithe aonair atá breactha ar thaobh na fothana den oileán.  Tá moladh mór tuillte ag na tithe lóistín ar fad as na dathanna breátha atá ar na foirgnimh sin agus as a néathacht.  Mheallfadh na gairdíní ildaite an cuairteoir chun cnag ar an doras.  Tithe eile agus chabhródh scuab péinte leo.

### Roads, Streets and Back Areas:

Is gréasán nádúra de bhealaigh na bóithre is na cosáin ar an oileán a leagadh amach na cianta ó shoin chun freastal ar na cúraim uile a bhí ar na daoine.  Tugann na bóithre seo an dune ar bhóthar nó ar chosán go dtí gach aird ar an oileán.  Treoiríonn na comharthaí bóthair an dune go dtí na háiteanna gur cheart cuairt a thabhairt orthu cé go bhféadfaí an bealach isteach go dtí an Clochán a dhéanamh níos fáiltí.  Luadh an fhahdb a bhí le teacht ar Chathaoir Synge níos luaithe.  Seans go bhféadfaí an rud céanna a rá faoi theacht ar Leaba Dhiarmuda is Ghráinne, go mórmhór don té a bheadh ag súil le leaba, mar a bhí Puncánach amháin!

Thaithin na leaca le hainmneacha áille na mbailte fearann leis an moltóir.  B'fhiú bord eolais a chur ar fail leis na hainmneacha seo a mhíniú don chuairteoir.  Ag an gcéibh nua, le cúnamh Dé.

### General Impression:

Faoi láthair is beag fáilte a bhrathann an cuairteoir ag an gcéibh mar níl aon rian de oifig fháilte ná d'eolas ar an oileán, nó fiú 'Fáilte' ar chomhartha.  Fear 'Bikes Anseo' an chéad fhoinse eolais atá ag an gcuairteoir mar is fada uaidh lárionad an eolais fós.  Tiocfaidh feabhas ar an staid seo le hoscailt an na céibhe nua.  Is iontach an áit í Inis Meáin le turas a thabhairt air , áit lán d'arsaíocht is de charachtar.